



PREASEISIÚINT Uimh. 7/24

Lucsamburg, 16 Eanáir 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-621/21 | Intervyuirasht organ na DAB pri MS (Mná is íospartaigh foréigean baile)

Foréigean in aghaidh na mban: Déanann an Chúirt Bhreithiúnais soiléiriú ar na coinníollacha maidir le cáiliú mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta

Féadfar a mheas go bhfuil mná, ina n-iomláine, ina ngrúpa sóisialta de réir bhrí Threoir 2011/95 agus féadfaidh leo cáiliú do stádas dídeanaí má chomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear chuige sin sa Treoir sin. Is é sin an cás, ina dtír thionscnaimh, ina bhfuil siad i mbaol, mar gheall ar a ngnéas, fhoréigean fisiceach nó meabhrach, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus foréigean baile. Mura gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas dídeanaí a dheonú, féadfaidh leo cáiliú le haghaidh stádas cosanta coimhdí, go háirithe i gcás ina bhfuil fíorbhaol ann go marófar iad nó go ndéanfar foréigean orthu.

Is náisiúnach de chuid na Tuirce í WS atá de bhunadh Coirdíneach agus is Moslamach í atá colscartha agus a deir gur chuir a muintir iallach uirthi pósadh go héigeantach, gur bhuail a fear céile í agus go ndearna sé bagairt uirthi agus go raibh eagla uirthi go marófaí í dá mbeadh uirthi filleadh ar an Tuirc agus a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Bhulgáir.

Chinn cúirt na Bulgáire a raibh an cás ós a comhair ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

Leagtar síos na coinníollacha maidir le stádas dídeanaí agus stádas cosanta coimhdí a dheonú do náisiúnaigh tríú tír le Treoir 2011/95 ¹. Deonaítear **stádas dídeanaí** i gcásanna ina ndéantar géarleanúint ar náisiúnach tríú tír ar chúiseanna a bhaineann le cine, reiligiún, náisiúntacht, tuairimí polaitiúla nó baint le grúpa sóisialta áirithe. Deonaítear **cosaint choimhdeach** do náisiúnach tríú tír nach gcáilíonn mar dhídeanaí ach a bhfuil forais shubstaintiúla léirithe ina leith lena chreidiúint go mbeadh fíorbhaol ann go bhfulaingeodh an duine sin díobháil thromchúiseach dá fhillfí siad ar a thír thionscnaimh nó ar a tír thionscnaimh, lena n-áirítear, *inter alia*, iad a chuir chun báis agus íde atá mídhaonna nó táireach.

Measann an Chúirt Bhreithiúnais **nach mór léiriú a dhéanamh ar an Treoir atá i gcomhréir le Coinbhinsiún Iostanbúl ² atá ina cheangal ar an Aontas Eorpach agus lena aithnítear foréigean inscnebhunaithe in aghaidh na mban mar chineál géarleanúna**. Thairis sin, deir an Chúirt Bhreithiúnais **gur féidir a mheas go mbaineann mná, ina n-iomláine, ina ngrúpa sóisialta de réir bhrí Threoir 2011/95**. Dá bhrí sin, **d'fhéadfadh mná cáiliú do stádas dídeanaí** i gcás ina bhfuil siad i mbaol, mar gheall ar a ngnéas, fhoréigean fisiceach nó meabhrach, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus foréigean baile ina dtír thionscnaimh.

Mura gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas dídeanaí a dheonú, féadfaidh mná cáiliú le haghaidh **cosaint choimhdeach i gcás ina bhfuil fíorbhaol ann go marófar iad nó go ndéanadh ball dá teaghlach nó dá pobal gníomhartha foréigin di**, mar gheall ar shárú líomhainte ar ghnásanna cultúrtha, reiligiúnacha nó traidisiúnta.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an

Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir le cinneadh na Cúirte Breithiúnais. Tá an cinneadh seo ina cheangal freisin ar aon chúirt nó binse náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist dlí chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar an lá fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúr d'fhógairt an bhreithiúnais ar fáil ó ["Europe by Satellite"](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Treoir 2011/95/AE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear.

² Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chosc agus a chomhrac, an 11 Bealtaine 2011.